Coláiste na Tríonóide agus an Ghaeilge

Oifigeach na Gaeilge agus Coiste na Gaeilge

Tá Coláiste na Tríonóide tiomanta do chur chun cinn na Gaeilge i ngach réimse de shaol an Choláiste. Léirítear an tiomantas seo trí obair Choiste na Gaeilge agus trí fhostú Oifigeach Gaeilge lánaimseartha. Oibríonn Oifig na Gaeilge i gcomhar leis an gCumann Gaelach, le hAontas na Mac Léinn agus le Roinn na Gaeilge chun a cuid aidhmeanna a chur i gcrích.

An tAcht Teanga agus an Scéim Teanga

Tá dualgais áirithe ar Choláiste na Tríonóide de bharr Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, lena n-áirítear dualgais maidir le comharthaíocht, foilseacháin áirithe, stáiseanóireacht, comharthaíocht agus fógraí taifeadta béil. Maille leis sin, tá gealltanais tugtha ag Coláiste na Tríonóide ina Scéim Teanga do 2010-2012, go gcuirfear le réimse seirbhísí dátheangacha thar réimse gníomhaíochtaí. Tá gach eolas ar fáil ar www.tcd.ie/gaeloifig.

Scéimeanna cónaithe

Tá dhá scéim chónaithe Gaeilge do mhic léinn ag Coláiste na Tríonóide. Tá scéim amháin lonnaithe ar an gcampas agus an ceann eile (do mhic léinn na chéad bhliana agus na dara bliana amháin) i Halla na Tríonóide, Dartraí, Baile Átha Cliath 6. Fógraítear Scéim an Champais i mí Feabhra gach bliain, agus fógraítear Scéim Dhartraí i mí Aibreáin.

Ranganna Gaeilge

Cuireann Coláiste na Tríonóide ranganna Gaeilge saor in aisce ar fáil do bhaill foirne agus do mhic léinn le linn an téarma acadúil. Fógraítear na ranganna seo ag tús na bliana acadúla.

Éigse na Tríonóide agus imeachtaí Gaeilge

Buaicphointe na bliana is ea Éigse na Tríonóide, féile seachtaine ina mbíonn imeachtaí sóisialta, ceolchoirmeacha, cluichí peile agus eile ar siúl, do mhic léinn agus do bhaill foirne araon. Eagraítear neart imeachtaí sóisialta agus cultúrtha eile i gcaitheamh na bliana chomh maith.

Teagmhálacha

Oifigeach na Gaeilge: Guthán 8963652, gaeloifig@tcd.ie
Roinn na Gaeilge: Guthán 8961450, nibhraoc@tcd.ie
An Cumann Gaelach: coiste@cumann.ie agus www.cumann.ie
Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn: gaeilge@tcdsu.org

Eolas: www.tcd.ie/gaeloifig